# Daonáireamh 2006 Rang a hAon agus a Dó

## Ceacht a 4 ~ Daonáireamh 2006

### Téama
DAONÁIREAMH – An méid a d'fhoghlaim muid

### Aidhmeanna
Go mbeidh sé ar chumas an pháiste:
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar an tuiscint atá aige/aici ar an daonáireamh atá ag teacht aníos ar an 23ú Aibreán 2006
- Páirt a ghlacadh sa phróiseas bailiúcháin sonraí ag leibhéal an tseomra ranga
- Sonraí an tseomra ranga a léiriú agus a mhíniú ag baint úsáide as cineálacha éagsúla graf
- Bileog scóir a úsáid
- Cinneadh a dhéanamh cén cineál graif is fearr a phiocadh le cúis faoi leith

### Tascanna
- Dul siar ar na Príomhtheachtaireachtaí a bhí sna ceachtanna a chuaigh roimhe seo
  Gníomhaíocht a 1: Sonraí a chur le chéile
  Gníomhaíocht a 2: Blocghraf a chruthú
  Gníomhaíocht a 3: Obair fhéilire

### Foclóir
Foclóir a d'fhoghlaim an rang cheana a úsáid mar chuid de fhíorghníomhaíocht an tseomra ranga.
*Bailigh, ceist, eolas, foirm, iarr, Dé Domhnaigh, Aibreán, daonra, aois, seoladh, fireann, baineann, comhaireamh, tír*
*Dul siar ar an bhfoclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl .*
Staitisticí, sonraí, scór, graf, léaráid Venn, blocghraf, léaráid Chearúil

### Teastóidh
- Bileog Scóir Daonáirimh J 4.1
- Patrúin Ghraf don Daonáireamh Ranga J 4.2 a b c
- Cairt Bhreithlae J 4.3
- Anailís sonraí – taisteal chun na scoile J 4.4
- Féilire d'Aibreán 2006 J 4.5
- Cluichí Cláir an Daonáirimh ~ bunaithe ar an bhféilire J 4.6 a b
- Ceistiúchán an Fhéilire J 4.7
- Tomhas an Daonáirimh ~ bunaithe ar uimhir dhraíochta 23 J 4.8

### Príomhtheachtaireachtaí
- Foinse iontach eolais é daonáireamh ranga.
- Is féidir daonáireamh ranga a dhearadh le firicí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.
- Tá gach céim sa phróiseas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go gcuirfear an daonáireamh i gcrích mar is ceart.
- Is féidir sonraí a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.

### Measúnú
- Léireoidh na páistí go bhfuil tuiscint níos fearr anois acu ar phróiseas an daonáirimh trí na sonraí a bailíodh sa daonáireamh ranga a léiriú agus a mhíniú
- Aithneoidh na páistí go tapaidh agus i gceart na graif éagsúla, mar shampla, léaráidí Venn, léaráidí Cearúil nó blocghraif
- Léireoidh na páistí an tuiscint atá acu ar an úsáid a bhaintear as bileoga scóir tríd iad a úsáid do thascanna eile, mar shampla, uimhreacha a chomhaireamh do bhainne, pinn daite, foirne …
- Tosóidh na páistí ag glacadh cinneadh maidir leis an gcineál graif a bheidh in úsáid ar mhaithe le cúis faoi leith

### Pointí airde don mhúinteoir
Bí ag faire amach do pháistí a fhaigheann an obair fíor shimplí agus tabhair tascanna dóibh atá níos deacra, mar shampla, dhá shraith sonraí a chur i gcomparáid, réamhinsint a dhéanamh ar na cineálacha torthaí a bhfuil súil acu leo, suirbhé ar a mbaile féin a shocrú… Cuimhnigh dul siar go tapaidh ar na luas cártaí a bhí in úsáid sna ceachtanna roimhe seo chomh maith le ceistiúchán a bhaineann le míniú na bhfocal. Is féidir nóta a dhéanamh de na páistí a bhfuil fadhbanna acu fós leis an bhfoclóir labhartha / scríofa.

### Comhthathú agus Nascáil
**Matamaitic:** Uimhir – Sórtáil, sraitheanna a chur le chéile agus a chur i gcomparáid, Comhaireamh / Sonraí a Léiriú agus a Mhíniú
**Ailgéabar** – uimhreacha corra agus cothroma
**Tomhais**: Am – Oibriú leis an bhféilire
**Gaeilge:** Cineál scríbhneoireachta ~ foirm a chomhlánú

### Naisc bhaile/scoile
An tábhacht a bhaineann le féilirí agus dáta an daonáirimh a mharcáil ar an bhféilire sa bhaile. Breathnú ar rudaí atá le tarlú i mí an Aibreáin, saoire na Cásca ón scoil, laethanta breithe…

# Nótaí an Mhúinteora

## *Tús Béil/Intinne* J 4.3

Bain úsáid as an bhféilire mar chlár sprioc uimhreach. Bain úsáid as an bhféilire le breathnú ar choincheapa ar nós suimiú, baint agus luach áite.

### *Plé agus Díospóireacht – An méid a d'fhoghlaim muid*

### Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó cheachtanna roimhe seo – céard is cuimhin linn?

- Foinse eolais é daonáireamh ranga. Is féidir daonáireamh ranga a dhearadh le firicí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.
- Sonra (píosa eolais) é staitistic a fhaightear ó staidéar a dhéanamh ar chuid mhór sonraí.
- Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla mar shampla, Léaráid Chearúil agus blocghraf.

Na páistí a spreagadh le plé a dhéanamh ar an mbealach a cuireadh an daonáireamh ranga i gcrích agus le gach céim den phróiseas bailiúcháin sonraí a mhíniú.

### Babhta tobsmaointe

Céard a tharlóidh do na sonraí anois? Cén chaoi gur féidir linn déileáil le líon mór sonraí – an bhfuil baol go rachadh muid amú? (úsáid ríomhairí le líon mór sonraí a láimhseáil). Cén cineál graif ba cheart dúinn a úsáid. Cén chaoi a mbeidh a fhios againn go bhfuil an t-eolas ar fad léirithe i gceart againn?

### **Gníomhaíocht a 1 – Na sonraí (an t-eolas) a chur le chéile – na páistí mar ríomhairí**

- Is féidir na foirmeacha a thabhairt ar ais do na páistí agus beidh siad féin anois ina ríomhairí ag cur na sonraí le chéile

- Is féidir leis na páistí bileog scóir ranga a chur le chéile ina mbeidh na hiomlána do gach sraith sonraí curtha nó is féidir leis an múinteoir bileog mhór scóir a chomhlánú don rang. Beidh sraitheanna sonraí le comhaireamh atá bunaithe ar na sonraí a sholáthar na páistí, mar shampla, Cé mhéid de na páistí a bhfuil súile uaine orthu ? Cé mhéid acu a bhfuil breithlá i mí Eanáir acu? Cé mhéid daoine a shiúlann chun na scoile? **J 4.1**

- Ar mhaithe le béim a leagan ar an úsáid is féidir a bhaint as scóráil ba cheart don mhúinteoir deiseanna a thógáil leis na páistí a spreagadh len iad a úsáid le déanamh amach cé mhéid cartún bainne a theastaíonn uainn inniu, cé mhéid foirne de chúigear don Chorp Oideachais…

- Is féidir gach ceist a phlé inti féin agus na sonraí iomlána atá bailithe. Is féidir leis na páistí a bheith ina sraitheanna sonraí gach uair trí sheasamh suas nuair a ghlaoitear amach a n-earnáil, mar shampla
    - Ceist a 1 – An buachaill nó cailín thú (seasann na buachaillí ar fad agus déantar iad a chomhaireamh, ansin na cailíní). Déantar na sonraí a thaifead ar 'phríomh' bhileog ar chlár nó cairt
    - Ceist a 2 – Cén mhí a rugadh thú? Bíodh liosta na míonna leagtha amach agat ar an gclárdubh agus líon isteach é nuair a sheasann na páistí suas dá mí féin. Cé mhéid i mí Eanáir, Feabhra …

- o Ceist a 3 – Cén aois thú? Is féidir leis na páistí cinneadh a thógáil cén réimse aoiseanna a chuirfear san áireamh leis na sonraí a bhailiú. An mbeadh gá leis na haoiseanna 1, 2, 3, 4, 5 a chur san áireamh? An gá dul thar 10?
- o Ceist a 4 – Cén dath súile atá agat?
- o Ceist a 5 – Cén dath gruaige atá ort? Arís breathnaigh ar réimse na ndathanna a theastaíonn agus cé na critéir a bheidh in úsáid le dath a mhíniú (Céard é fionn? Céard é donn? An bhfuil gruaig dhubh i ndáiríre ar dhaoine? An gcuirtear gruaig le dath geal curtha inti san áireamh mar ghruaig fhionn?
- o Ceist a 6 – Cá bhfuil cónaí ort? Féach an sampla thíos
- o Ceist a 7 – Cén modh taistil atá agat chun na scoile? Arís glaoigh amach na hearnálacha agus lig do na páistí a bheith ina sraitheanna sonraí agus seasamh suas nuair a ghlaoitear a n-earnáil amach. Cén freagra a thugann tú má shiúlann tú amanna agus má thagann tú sa charr nuair atá báisteach ann?

Beidh dóthain sonraí curtha ar fáil ar an bhfoirm bheag dhaonáirimh seo leis an rang a choinneáil gnóthach ar feadh tréimhse fada agus is féidir dul ar ais chucu mar obair bhreise do na páistí atá níos cumasaí nó mar obair le déanamh ag páiste a chríochnaíonn go luath (Déan graf le taispeáint cá bhfuil cónaí ar na daoine inár rang. Roghnaigh an cineál graif is fearr leis an eolas a léiriú).

## Ord ceachta samplach do shraith amháin sonraí

- Tóg ceist amháin ó Fhoirm an Daonáirimh Ranga, mar shampla, Cá bhfuil tú i do chónaí?

  Sa bhaile mór ☐ Faoin tuath ☐

Arís tiocfaidh ceisteanna aníos maidir leis an teorainn idir an bhaile agus an tuath agus feicfidh na páistí go bhfuil gá le bheith fíor chruinn.

- Smaoinigh ar bhealaí go bhféadfaí an t-eolas seo a thaispeáint. Mol do na páistí úsáid a bhaint as ábhair nithiúla leis na sonraí a léiriú, mar shampla ciúbanna, naisc … Iarr ar na páistí cén chaoi gur féidir leo idirdhealú a dhéanamh idir dhá phíosa eolais (dath)

- Dáiligh na ciúbanna ar na páistí agus tabhair ciúb dearg do na páistí a bhfuil cónaí orthu sa bhaile mór agus ciúb gorm dóibh siúd a bhfuil cónaí faoin tuath orthu.

- Labhair faoi na bealaí gur féidir linn an t-eolas a léiriú ag baint úsáide as ciúbanna, mar shampla léaráid Venn, léaráid Chearúil…

- Roghnaigh modh amháin ar mhaithe le léiriú.

## Gníomhaíocht a 2 Blocghraf a chruthú J 4.2 a b c

- B'fhéidir go molfadh na páistí blocghraf a chruthú ag baint úsáide as na ciúbanna.

- Déan túr as na ciúbanna dearga mar léiriú orthu siúd a bhful cónaí orthu faoin tuath agus túr de na ciúbanna gorma mar léiriú orthu siúd a bhful cónaí orthu sa bhaile mór. Ba cheart na túir seo a chur ar thaispeántas agus lipéidí soiléire a chur orthu ar an tábla matamaitice nó ar an gclár maighnéadach.

- Is féidir leis na páistí ansin na sraitheanna sonraí a scrúdú agus ceisteanna a fhreagairt mar shampla, Cé acu túr is airde? Cé acu sraith is mó a bhfuil ciúbanna ann? An bhfuil níos mó daoine ina gcónaí sa bhaile mór ná faoin tuath? Cé mhéid níos mó? An bhfuil níos lú daoine ina gcónaí faoin tuath ná sa bhaile mór? Cé mhéid daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile mór? Cé mhéid níos mó daoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath? Cé acu túr is ísle? Cé acu grúpa daoine a léiríonn na ciúbanna dearga? Cé mhéid daoine ar fad atá ann?

- An insíonn sé seo an fíorscéal maidir lenár rang? Céard nach n-insíonn sé? (cé mhéid buachaillí a bhfuil cónaí faoin tuath orthu? Cé mhéid cailíní? Cén chaoi a bhféadfadh muid fáil amach? Cén cineál graif a bheadh in ann é seo a insint dúinn?) Labhair leis na páistí faoi bhealaí eile go bhféadfaí an t-eolas céanna a thaispeáint gan ábhair nithiúla a úsáid, mar shampla siombail/líníocht/cártaí ainm ar léaráid Venn nó ar léaráid Chearúil (léiriú i bpictiúir).

- Iarr ar na páistí an bhfuil aon bhealach eile go bhféadfadh muid na sonraí a léiriú ar bhlocghraf (greamaitheoir amháin an duine, dathaigh isteach cearnóg amháin an duine &rl). Déan plé ar an eolas a theastaíonn ar an mblocghraf. Cuir isteach gach eilimint ceann i ndiaidh a chéile. Cén fáth a dteastaíonn teideal uainn don ghraf? (ní bheadh a fhios againn céard faoi atá sé gan teideal). An dteastaíonn lipéidí uainn do na colúin, céard ba cheart a bheith scríofa ar na lipéidí? An bhféadfadh muid boscaí de shaghsanna difriúla a bheith againn? Cén fáth?

- Cruthaigh blocghraf don rang ar chairt mhór. Is féidir le gach páiste cearnóg a dhathú nó a ghreamú ar an gcairt.

- Déan do chairt a thriail amach trí pháiste ó rang eile a thabhairt isteach leis na torthaí a 'léamh'. An féidir leo an scéal atá le n-insint againn a léamh?

### Tuilleadh gníomhaíochtaí leis na sonraí

- Smaoinigh cén chaoi go bhféadfaí an chuid eile de na sonraí a léiriú mar shampla, dath súile, dath gruaige, taisteal chun na scoile, mí a laethanta breithe … Tá patrúin do bhlocghraf curtha ar fáil ar mhaithe le tuilleadh díospóireachta agus léiriú sonraí de na sraitheanna sonraí seo, mar shampla dath súile, dath gruaige, taisteal chun na scoile, mí a laethanta breithe.

- Roghnaigh ceann nó níos mó de na graif seo le comhlánú leis an rang. Is féidir na patrúin seo a úsáid thar tréimhse roinnt seachtainí leis an rang ar fad nó d'fhéadfaí cuid de na patrúin a úsáid dóibh siúd a chríochnaíonn go luath nó dóibh siúd a dteastaíonn tuilleadh cúnaimh uathu leis an gcoincheap seo.

- Is cuid tábhachtacht den phróiseas bailiúcháin sonraí é anailís a dhéanamh ar shonraí nuair a chuirtear sraitheanna sonraí i gcomparáid agus nuair a dhéantar plé orthu.

- Tá roinnt ceisteanna samplacha curtha ar fáil ar an mbileog Anailíse Sonraí don bhlocghraf 'Taisteal chun na Scoile'. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a chur in oiriúint do shraitheanna sonraí eile. Bí ag spreagadh na bpáistí i gcónaí lena gceisteanna féin a chumadh – céard ba mhaith leo féin a fháil amach?

## *Gníomhaíocht a 3 – Obair fhéilire J 4.5 J 4.6 J 4.7*

- Obair fhéilire – le béim a leagan ar dháta an Daonáirimh, is é sin an 23ú Aibreán 2006, tá féilire curtha ar fáil leis an gceacht seo. Tugann sé seo deis an féilire a thaispeáint do na páistí chomh maith len iad a chur ar an eolas maidir leis an daonáireamh atá ag teacht aníos go gairid.
- Tá Ceistiúchán Féilire curtha isteach freisin leis an gceacht seo le freagraí molta d'úsáid fhéilire mí an Aibreáin.
- Bealach spraoiúil leis an bhféilire a úsáid é cluiche cláir le dísle agus licíní. Tá Cluiche Cláir an Daonáirimh curtha ar fáil in éineacht leis an gceacht seo (le dhá leibhéal éagsúil gur féidir a imirt).
- Bealach taitneamhach le dul siar ar shuimiú simplí agus ar lúide é Tomhas an Daonáirimh chomh maith le béim a leagan ar dháta an Daonáirimh a bheidh ann ar an 23ú Aibreán 2006.

## Don rang ar fad

Ag brath ar cé acu gníomhaíocht a phlé sibh:

A. Cén fáth a mbaineann muid úsáid as ríomhairí le sonraí a shórtáil?

B. Cén fáth a bhfuil graif níos éasca le léamh ná tuairisc scríofa? An eol duit aon chineálacha eile graf?

C. Tábhacht na bhféilirí inár saol

## Naisc bhaile / scoile

Beidh féilire i go leor tithe a thaispeánann dátaí tábhachtacha. Iarr ar na páistí breathnú ar an bhféilire sa bhaile agus fáil amach céard a cheapann siad a bheidh ar siúl acu seachtain an daonáirimh. Iarr orthu marc speisialta a chur ar an dáta 23ú Aibreán ar an bhféilire sa bhaile.

J 4.1

# Scór an Daonáirimh ranga

Bímis ag comhaireamh

Cé mhéid daoine sa rang ? ..........

Cé mhéid buachaillí sa rang ? ..........

Cé mhéid cailíní sa rang ? ..........

Cé mhéid daoine a rugadh i ngach mí:

| Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **Iúil** | **Lúnasa** | **M. Fómhair** | **D. Fómhair** | **Samhain** | **Nollaig** |
| | | | | | |

Cé mhéid daoine a rugadh:

| Sa Bhaile mór | | Faoin Tuath | |
|---|---|---|---|

Cé mhéid daoine a bhfuil an dath seo ar a shúile?

| Uaine | Gorm | Donn | Liath | Eile |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Cé mhéid daoine a bhfuil an dath seo ar a gcuid gruaige?

| Fionn | Donn | Rua | Dubh | Eile |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Cé mhéid daoine a dtéann chun na scoile:

| Ag siúl | Ar rothar | Ar an mbus | I gCarr | Eile |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

J 4.2 a

# Dath na Súl

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| Uaine | Gorm | Donn | Liath | Eile |

J 4.2 b

# Dath Gruaige

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| Fionn | Donn | Rua | Dubh | Eile |

# Bealach taistil chun na scoile

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| Ag siúl | Rothar | Bus | Carr | Eile |

J 4.3

# Do Bhreithlá

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| Ean | Feabh | Márt | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | M. F | D. F | Samh | Nol |

**J 4.4**

# Anailís ar na sonraí
# Taisteal chun na scoile

*Breathnaigh ar an mblocghraf*

Cé acu sraith is mó?
Cé acu sraith is lú?
Cuir na sraitheanna in ord ag tosú leis an gceann is lú suas go dtí an ceann is mó.
Cé mhéid daoine a shiúlann chun na scoile?
An dtaistealaíonn níos mó daoine chun na scoile ar an mbus nó i gcarr? Meas tú cén fáth é sin?
Cé na bealaí eile a thaistealaíonn daoine chun na scoile?
An siúlann níos lú daoine ná mar a théann ar rothair chun na scoile?
Cé mhéid daoine a thaistealaíonn chun na scoile i bhfeithicil?
Cuir na sraitheanna in ord ón gceann is mó go dtí an ceann is lú.
Smaoinigh ar roinnt ceisteanna gur féidir leatsa a chur…

| Aibreán 2006 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn |
| | | | | | Tús | 1 |
| 2 ★ | 3 | 4 | 5 | 6 ▲ | 7 | 8 |
| 9 | Saoire na Cásca 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 ★ |
| Domhnach Chásca 16 | 17 ★ | 18 | 19 ▲ | 20 | 21 | 22 |
| 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 ▲ |
| 30 | Críoch | | | | | |

# Cluiche Cláir an Daonáirimh

## Cluiche a 1

**Cluiche:** beirt imreoir

**Teastaíonn:** Clár do Chluiche an Daonáirimh, dísle amháin sé thaobh, licíní de dhá dhath

**Conas an cluiche a imirt:**

1. Socraigh ar an gcéad imreoir tríd an dísle a chaitheamh. Cuirfidh an t-imreoir a chaitheann an uimhir is airde tús leis an gcluiche.
2. Mar thús, caitheann Imreoir 1 an dísle agus bogann sé/sí an líon sin spásanna, mar shampla má bhíonn sé ar an dísle – bog sé spás.
3. Má stopann imreoir ar spás le réalt air, is féidir leis an imreoir seo an dísle a chaitheamh babhta eile
4. Má stopann imreoir ar spás le triantán air, chailleann an t-imreoir seo a chéad / a céad iarracht eile
5. An chéad imreoir a bhaineann an líne chríche amach nó a stopann go díreach ar DHÁTA AN DAONÁIRIMH an 23ú Aibreán a bhuann an cluiche.

**Dúshlán:**

Spreag na páistí lena rialacha féin a chumadh do chluiche an Daonáirimh.

# Cluiche Cláir an Daonáirimh

## Cluiche a 2

**Cluiche:** beirt imreoir

**Teastaíonn:** Clár do chluiche an Daonáirimh, dísle amháin sé thaobh, licíní de dhá dhath

**Conas an cluiche a imirt:**

1. Socraigh ar an gcéad imreoir tríd an dísle a chaitheamh. Cuirfidh an t-imreoir a chaitheann an uimhir is airde tús leis an gcluiche.
2. Mar thús, caitheann Imreoir 1 an dísle agus bogann sé/sí an líon sin spásanna, mar shampla má bhíonn sé ar an dísle – bog sé spás.
3. Breathnaíonn Imreoir a 1 cé acu uimhir chorr nó chothrom atá sa spás a stopann sé/sí uirthi.
4. Caitheann Imreoir a 1 an dísle arís. Más uimhir chorr atá sa spás agus má tá uimhir chorr á thaispeáint ar an dísle, is féidir leis / léi bogadh an méid sin spásanna. Más uimhir chothrom atá sa spás agus má tá uimhir chothrom á thaispeáint ar an dísle, is féidir leis / léi bogadh an méid sin spásanna. Muna bhfuil an uimhir sa spás agus an uimhir ar an dísle ag meaitseáil, tugtar an dísle d'imreoir a 2.
5. Imríonn Imreoir a 2 ansin.
6. An chéad imreoir a bhaineann an líne chríche amach nó a stopann go díreach ar DHÁTA AN DAONÁIRIMH an 23ú Aibreán a bhuann an cluiche.

| Ceistiúchán an Fhéilire | |
|---|---|
| • Cé mhéid laethanta i mí an Aibreáin?<br>• An bhfuil an uimhir seo corr ná cothrom?<br>• Cén lá a thosaíonn mí an Aibreáin?<br>• Cén lá a chríochnaíonn mí an Aibreáin?<br>• Cén séasúr a bhfuil mí an Aibreáin ann?<br>• Cé mhéid Dé Domhnaigh i mí an Aibreáin?<br>• Cé mhéid seachtainí iomlána i mí an Aibreáin?<br>• Cé mhéid páistí sa rang a bhfuil breithlá i mí an Aibreáin acu?<br>• Cén dáta a thiteann Domhnach Chásca air?<br>• Cén uair a thosnófar laethanta saoire na Cásca?<br>• Cén dáta a bheidh Daonáireamh 2006 ann?<br>• Cén lá den tseachtain a bheidh an Daonáireamh ann? | • An féidir leat uimhir chorr a aimsiú ar an ró ar bharr?<br>• An féidir leat uimhir chorr a aimsiú ar an ró ar bhun?<br>• Glaoigh amach uimhir le trí deich.<br>• An bhfuil aon uimhreacha le seacht n-aonad?<br>• An bhfuil aon uimhir dhubháilte ann?<br>• Faigh dhá uimhir le difríocht de thrí?<br>• Cén dáta é an lá inniu?<br>• Beidh Lá an Daonáirimh ann ar an 23ú Aibreán – bain úsáid as uimhreacha ar an bhféilire leis an uimhir 23 a dhéanamh.<br>• Is féidir breathnú ar phatrúin ar an bhféilire:<br>Cén patrún a fheiceann tú i ngach ró?<br>Cén patrún a fheiceann tú i ngach colún?<br>Tóg cearnóg uimhreacha mar shampla, 1, 2, 8, 9 ~ suimigh na huimhreacha ar an bhfíorthrasnán – céard a thugann tú faoi deara? |

# Tomhas an Daonáirimh

Léigh an abairt uimhriúil i ngach bosca thíos.

Dathaigh na boscaí a bhfuil an freagra 23 orthu.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 13+10 | 30-7 | 15+8 | 24+5 | 1+21+1 | 43-20 | 16+7 |
| 9+9 | 3+7 | 9+14 | 20-7 | 10+0 | 8+8 | 0+23 |
| 34-11 | 2+19+2 | 28-5 | 16+2 | 6+17 | 9+14 | 12+11 |
| 17+6 | 24-6 | 12-9 | 42+1 | 16-15 | 9-6 | 31-8 |
| 6+11+6 | 29-6 | 14+5+4 | 24+0 | 21+2 | 2+19+2 | 27-4 |

Céard a thugann tú faoi deara faoin bpatrún datha atá déanta agat?

Is é 23 an freagra ach céard í an cheist? Déan roinnt abairtí nua uimhriúil de do chuid féin :